| | |
|---|---|
| **Teideal Beartais:** | Beartas Meabhairshláinte |
| **Cur Síos:** | Leis an mbeartas seo sainaithnítear an tacaíocht iomchuí agus tráthúil a sholáthraíonn IOM do mhic léinn chun a chinntiú go bpléitear le héigeandálaí ar bhealach iomchuí. |
| **Údar (Post):** | An tUachtarán |
| **Leagan:** | 1 |
| **Arna Fhaomhadh ag:** | Bord Rialaithe IOM |
| **Dáta Faofa an Bheartais:** | Aibreán 2020 |
| **Dáta an Chéad Athbhreithnithe Eile ar Bheartas:** | Aibreán 2023 (nó mar is gá) |

# Beartas Meabhairshláinte

## 1 Ráiteas Beartais

### 1.1 Comhthéacs

Tá Institiúid Oideachais Marino (IOM) tiomanta d'oideachas ionchuimsitheach do chách, cuireann sí fáilte roimh éagsúlacht agus cuireann sí comhdheiseanna chun cinn chun mic léinn a chumasú a bheith rathúil go hacadúil agus go pearsanta. Chun na críche sin, le beartas meabhairshláinte IOM do mhic léinn cuirtear ar chumas na hInstitiúide na freagrachtaí cúraim, oideachais agus dlíthiúla dá cuid i leith na mac léinn a chomhlíonadh, ardaítear feasacht agus méadaítear tuiscint i measc phobal IOM ar mheabhairshláinte, agus cuirtear dearcthaí eolacha agus cruthaitheacha chun cinn maidir le saincheisteanna meabhairshláinte.

Is freagracht chomhroinnte í meabhairshláinte na mac léinn, óna dteastaíonn freagairt ón gcampas iomlán, áit a n-oibríonn an Institiúid, an fhoireann, cuallacht na mac léinn agus mic léinn aonair i gcomhpháirtíocht maidir le saincheisteanna meabhairshláinte. Leis an mbeartas sin sainaithnítear an tacaíocht iomchuí agus tráthúil a sholáthraíonn IOM do mhic léinn, soláthraítear treoir do chách chun a chinntiú go bpléitear le héigeandálaí ar bhealach iomchuí, agus tacaítear leis an bhfoireann agus le mic léinn maidir le conas atreoruithe agus idirghabhálacha iomchuí a dhéanamh maidir le mic léinn a bhféadfadh deacrachtaí meabhairshláinte a bheith acu.

Agus meas ag an mbeartas ar chearta chuallacht na mac léinn agus ar chearta mac léinn aonair, leis an mbeartas tugtar faoin gceart ar rúndacht laistigh de threoirlínte sonraithe. Aithníonn IOM an fhreagracht atá uirthi chun a chinntiú go mbíonn na beartais agus nósanna imeachta dá cuid freagrúil ar riachtanais na mac léinn atá faoi strus ó thaobh na meabhairshláinte de nó a bhfuil meabhairghalar acu. Is ar Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) atá an fhreagracht phríomhúil as seirbhísí meabhairshláinte pobail a sholáthar.

### 1.2 An Nasc le Beartais Eile an Choláiste

Tá roinnt beartas, cód, agus nósanna imeacht eile ag IOM agus ba cheart iad a léamh in éineacht leis an mbeartas seo.

i. An Beartas um Dhínit agus Meas

ii. An Beartas Smachta

iii. An Beartas um Fheidhmiúlacha chun Staidéar a Dhéanamh

1.3 Raon Feidhme an Bheartais

I gcuid 2 tugtar achoimre ar chiall an téarma 'meabhairshláinte' agus mínítear an difear idir 'deacrachtaí meabhairshláinte' agus 'meabhairghalar'.

I gcuid 3 tugtar achoimre ar nósanna imeachta na hInstitiúide maidir le hiontrálacha[1], measúnú[2], saincheisteanna smachta[3], nuair is ábhartha iad sin do mhic léinn a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu.

Cuirtear treoir ar fáil i gcuid 4 do bhaill foirne agus do mhic léinn IOM maidir le conas cúnamh a iarraidh do mhic léinn a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte acu. Tugtar faoi cheist na rúndachta do mhic léinn sa chuid sin freisin.

## 2 Sainmhínithe

Cad is meabhairshláinte ann?

Is ar speictream leanúnach atá meabhairshláinte, deacrachtaí meabhairshláinte agus meabhairghalar agus ní hionann iad agus pointí ar leith.

2.1 Meabhairshláinte

Leis an téarma 'meabhairshláinte' tagraítear don dóigh a smaoiníonn, a ngníomhaíonn agus a mothaíonn duine agus cásanna an tsaoil os a comhair/chomhair. Leis an téarma cuirtear síos ar bhraistint folláine, tugtar le tuiscint go bhfuil an teacht aniar ag duine chun déileáil leis na dúshláin a chruthaítear ag an saol agus ag an staidéar, agus go bhfuil an cumas aige/aici maireachtáil ar bhealach atá acmhainneach agus sásúil.

2.2 Deacrachtaí Meabhairshláinte

Is iad sin na fadhbanna a théann i bhfeidhm ar smaointe, ar mhothúcháin choirp agus ar iompar an duine agus ar chumas an duine chun feidhmiú. D'fhéadfadh siad sin a tharlú mar fhreagairt ar theagmhas pianmhar nó d'fhéadfadh siad eascairt mar gheall ar bhrúnna inmheánacha nó seachtracha. Cruthaítear deacrachtaí meabhairshláinte áirithe laistigh den duine. I gcásanna áirithe, réitítear iad as a stuaim féin.

D'fhéadfadh mac léinn ag a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte a chuireann isteach ar a cumas/chumas chun feidhmiú, nó atá leanúnach, tairbhe a bhaint as teagmháil

a dhéanamh le

[1]Féach An Beartas um Iontráil, Rochtain agus Aistriú
[2]Féach Measúnú Acadúil agus Dul Chun Cinn Acadúil
[3]Féach An Beartas Smachta

Seirbhísí Tacaíochta IOM do Mhic Léinn (Teagascóir[4], Comhairleoir, Séiplíneach, Oifigeach Leasa Aontas na Mac Léinn nó Dochtúir Ginearálta).

Tá deacrachtaí meabhairshláinte chomh coitianta le neamhoird chroí agus tá siad trí oiread níos coitianta ná ailse. Cé go n-athraíonn figiúirí agus sainmhínithe, is léir go mbeidh deacrachtaí ag na mílte duine in Éirinn nó go mbeidh aithne acu ar dhaoine a bhfuil deacrachtaí acu. Ach más deacrachtaí meabhairshláinte tromchúiseacha atá iontu, áfach, d'fhéadfadh siad sin a bheith ina gcomhartha de thús meabhairghalair.

### 2.3 Meabhairghalar

Is é meabhairghalar an téarma a úsáidtear chun tagairt a dhéanamh do dheacrachtaí meabhairshláinte tromchúiseacha. Áirítear le meabhairghalar riochtaí amhail scitsifréine, neamhord dépholach, dúlagar, neamhoird imní/scaoill, neamhoird éigníocha dúghabhálacha, neamhoird itheacháin agus neamhord hipirghníomhaíochta an easnaimh airde. Beidh cóireáil agus tacaíocht de dhíth ar mhic léinn a bhfuil meabhairghalar acu ó ghairmí sláinte amhail Síciatraí, Comhairleoir nó Dochtúir Ginearálta.

## 3 Nósanna Imeachta Acadúla agus Riaracháin

### 3.1 Iontráil

Is féidir le mic léinn Éireannacha agus mic léinn eile ón Aontas Eorpach (AE) iarratas a chur isteach ar iontráil ar chúrsaí fochéime ag IOM tríd an Lár-Oifig Iontrála (CAO). Déanann mic léinn nach mic léinn AE iad iarratas go díreach tríd an oifig Iontrálacha nó trí Oifig Idirnáisiúnta Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Bhaile Átha Cliath (dá dtagrófar ina dhiaidh seo mar Choláiste na Tríonóide).
Déanann mic léinn iarchéime iarratas tríd an Oifig Iontrálacha[5]. Cuirtear fáilte roimh iarratais ó mhic léinn ó chúlraí foghlama neamhthraidisiúnta, lena n-áirítear mic léinn faoi mhíchumais, ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste soch-eacnamaíoch agus mic léinn lánfhásta (23 bliana d'aois nó níos sine). Tá faisnéis bhreise ar fáil ag www.mie.ie/admissions

[4] Féach Beartas Chóras na dTeagascóirí agus Nós Imeachta Chóras na dTeagascóirí
[5] Féach An Beartas um Iontráil, Rochtain agus Aistriú

## 3.2 Nochtadh

Déantar míchumas a nochtadh, agus riocht meabhairshláinte san áireamh, ar bhonn deonach. Trí nochtadh cuirtear ar chumas IOM na tacaíochtaí riachtanacha a ullmhú roimh ré a d'fhéadfadh a bheith riachtanach di iad a chur i bhfeidhm chun rochtain iomlán ar oideachas a sholáthar do mhac léinn[6].

Trí nochtadh míchumais, agus riocht meabhairshláinte san áireamh, cuirtear ar chumas na hInstitiúide na tacaíochtaí riachtanacha a ullmhú roimh ré a d'fhéadfadh a bheith riachtanach iad a chur i bhfeidhm chun rochtain iomlán ar oideachas a sholáthar don mhac léinn. Mar gheall ar na dualgais faoin Acht um Stádas Comhionann, 2000- 2018 éilítear ar IOM freastal ar bhonn réasúnta ar dhaoine faoi mhíchumas, ar an gcoinníoll go mbíonn an costas laistigh de na hacmhainní ar fáil.

Má theastaíonn tacaíocht shainiúil nó socruithe sainiúla ó mhac léinn (mar shampla, tacaíocht le meabhairshláinte nó tacaíocht le scrúduithe), tá sé tábhachtach go ndéanann an mac léinn teagmháil leis an Oifigeach Rochtana tréimhse mhaith roimh dó/di an t-iarratas a chur isteach d'fhonn a riachtanais a phlé.
Beidh iarratasóirí in ann ansin cinneadh eolach a dhéanamh ar bhonn níos fearr maidir le cé acu an féidir nó nach féidir le IOM an tacaíocht agus an timpeallacht a theastaíonn uathu a sholáthar.

## 3.3 Saincheisteanna um Fheidhmiúlacht chun Staidéar a Dhéanamh

Má nochtar deacrachtaí meabhairshláinte nó meabhairghalar ní imreofar tionchar diúltach ar iarratas an duine ar IOM nó ar a gcearta dlíthiúla ar bhealach ar bith[7]. Ba cheart do mhic léinn atá ag freastal ar chúrsa ag IOM na nithe a leanas a dhéanamh:

a. Eolas a chur ar riachtanais an chúrsa;
b. An cumas a bheith acu déileáil le héilimh agus le hualach oibre cúrsa tríú leibhéal mar ní bhaintear na deacrachtaí uile trí shocruithe sainiúla agus trí chomhréitigh;
c. Bheith ar an eolas maidir le riachtanais an chúrsa. Moltar dóibh riachtanais gach bliana dá gcúrsa a phlé le Stiúrthóir an Chúrsa nó le ball

[6] Féach An Cód Cleachtais do Mhic Léinn Faoi Mhíchumais agus Cead maidir le Nochtadh agus Comhroinnt
[7] Féach An Beartas um Fheidhmiúlacht chun Staidéar a Dhéanamh

iomchuí eile na foirne;

d. Gan a bheith ina riosca dóibh féin ná do mhic léinn eile ná don fhoireann.

Ar ócáidí d'fhéadfadh saincheist a theacht chun cinn maidir le cumas nó oiriúnacht mic léinn chun páirt a ghlacadh i gcúrsa áirithe. Tá nósanna imeachta IOM chun déileáil le saincheisteanna dá leithéid leagtha amach sa Bheartas um Fheidhmiúlacht chun Staidéar a Dhéanamh.

[6] Féach An Cód Cleachtais do Mhic Léinn Faoi Mhíchumais agus Cead maidir le Nochtadh agus Comhroinnt
[7] Féach An Beartas um Fheidhmiúlacht chun Staidéar a Dhéanamh

### 3.4 Nósanna Imeachta Smachta

D'fhéadfadh aon mhac léinn a dhéanann é/í féin a iompar go míchuí Beartas Smachta IOM a shárú. D'fhéadfadh mic léinn ag a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte a bheith san áireamh leis sin. De ghnáth níor cheart déileáil le cásanna de dhrochshláinte mheabhrach mar ghnóthaí smachta. Ina ionad sin, ina leithéid de chásanna, nuair a chruthaíonn an mac léinn garbhaol soiléir réasúnta dó/di féin nó do dhaoine eile, féadfaidh an Cláraitheoir an mac léinn a chur ar fionraí ón Institiúid.
Cuirfidh an Institiúid gach tacaíocht agus is féidir ar fáil sula gcuirfear an mac léinn ar fionraí agus déanfaidh sí sin nuair atá treoir ghairmiúil riachtanach.

### 3.5 Plé leis an gComhairleoir Míochaine nó le Comhairleoir: Gan a bheith ar Leabhair nó "Off Books", Tarraingt Siar agus Athiontráil

Féadfaidh an Cláraitheoir cead a thabhairt do mhic léinn nach bhfuil ábalta leanúint lena staidéar, nó a dteastaíonn uathu cur isteach ar staidéar mar gheall ar fhoras sláinte (agus foras meabhairshláinte san áireamh) gan a bheith "Ar Leabhair" nó dul "Off Books" mar is fearr aithne air sa Bhéarla, nó chun tarraingt siar óna gcúrsa. Ba cheart do mhic léinn a gcuid riachtanas a phlé lena dTeagascóir[8] agus lena gcomhairleoir míochaine roimh iarratas a dhéanamh a bheith "Off Books". Is é an Teagascóir a chuireann an t-iarratas faoi bhráid an Chláraitheora ar son an mhic léinn agus bíonn doiciméid thacaíochta ón ngairmí sláinte de dhíth freisin.

Ní mór do mhic léinn ar mian leo teacht ar ais chuig IOM tar éis tréimhse "Off Books" iarratas a chur isteach ar athiontráil sula dtagann siad ar ais (faoin 1 Lúnasa i gcás mac léinn na Céad Bhliana), agus foirm Litir an Athdheimhnithe atá ar fáil ó Oifig an Chláraitheora agus an Beartas um Oiriúnacht chun Staidéar a Dhéanamh á n-úsáid. Is deimhniú folláine an fhoirm sin arna comhlánú ag comhairleoir míochaine ar féidir leis an gCláraitheoir é/í a ainmniú.

Níl sé faoi ráthaíocht go dtabharfar cúram leanúnach don mhac léinn le linn na tréimhse "Off Books", agus féadtar an mac léinn a atreorú chuig seirbhísí áitiúla.

### 3.6 Socruithe do scrúduithe

I gcásanna nuair a rachfaí i gcion ar fheidhmíocht mic léinn ag a bhfuil deacrachtaí

[8] FéachBeartas an Chórais Teagascóirí agus Nós Imeachta an Chórais Teagascóirí
[9]FéachMeasúnú Acadúil agus Dul Chun Cinn Acadúil

meabhairshláinte dá ndéanfadh sé/sí an scrúdú nó measúnú ar an ngnáthbhealach[9], féadtar socruithe malartacha a sholáthar maidir le scrúduithe nó measúnuithe. Má tá an mac léinn cláraithe leis an tSeirbhís Mhíchumais, ansin is í an tSeirbhís atá freagrach as

[8] FéachBeartas an Chórais Teagascóirí agus Nós Imeachta an Chórais Teagascóirí
[9]FéachMeasúnú Acadúil agus Dul Chun Cinn Acadúil

na socruithe sin a dhéanamh i gcomhar leis an Oifigeach Scrúduithe. I ngach cúinse eile, ba cheart do mhic léinn teagmháil a dhéanamh lena dTeagascóir[8] (más fochéimí an mac léinn), lena maoirseoir nó le stiúrthóir an chúrsa (más iar-chéimí an mac léinn) chun socruithe speisialta a phlé.

## 4 Deacrachtaí Meabhairshláinte mar Riocht

Is í aidhm na coda seo chun faisnéis agus comhairle a sholáthar do bhaill foirne agus do mhic léinn IOM maidir le conas déileáil le mic léinn a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte acu agus, go háirithe, maidir le conas agus cá háit cúnamh gairmiúil a iarraidh. Pléitear saincheisteanna a bhaineann le rúndacht i gCuid 4.3.

### 4.1 Treoirlínte don Fhoireann

Tugtar treoir maidir le conas freagairt do mhac léin a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte aige/aici sa tsreabhléaráid i bhFíor 1

#### 4.1.1 Cé chomh práinneach agus atá an cás?

Sa chéad dul síos, ní mór do Dhochtúir Ginearálta nó comhairleoir iarracht a dhéanamh chun a shocrú cé chomh práinneach agus chomh tromchúiseach agus atá an cás:

a. An bhfuil an mac léinn i mbaol é/í féin a ghortú nó daoine eile a ghortú?
b. An bhfuil riosca féinmharaithe ann?
c. An bhfuil an mac léinn gearrtha amach ón réadúlacht?
d. An bhfuil iompar an mhic léinn aisteach?
e. An bhfuil an mac léinn trína chéile, marbhánta nó tinn (mar gheall ar ródháileog, b'fhéidir)?
f. An bhfuil athrú tobann tagtha ar iompar, ar ghiúmar nó ar phearsantacht an mhic léinn?
g. Má tá imní ort faoi rud ar bith thuas, lean na treoirlínte éigeandála i gCuid 4.1.2 (i rith an lae) nó i gCuid 4.1.3 (lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre) thíos.
h. Mura bhaineann na ceisteanna thuas le hábhar, ansin d'fhéadfá a bheith buartha faoi mhac léinn mar gheall ar na nithe a leanas:
    - Easpa idirghníomhaithe, leithlisiú nó cúlú chuige/chuici féin ón bhfoireann nó ó phiaraí;
    - Deacrachtaí le feidhmiú laethúil (itheachán, codladh, giúmar,

gníomhaíocht fhisiceach, cuma phearsanta);

- Fadhbanna le tinreamh[10];

[10]Féach an Nós Imeachta um Monatóireacht ar Thinreamh

- Feidhmíocht acadúil athraithe;
- Spriocdhátaí caillte;
- Cailleadh/cur suas meáchain suntasach.

Cé gur féidir go mbíonn tásc de dheacrachtaí meabhairshláinte sna nithe sin atá tromchúiseach go leor chun atreorú agus tacaíocht a éileamh, tá seans ann nach bhfuil géarchéim phráinneach ann. Ina leithéid de chásanna, lean na treoirlínte le haghaidh atreoraithe agus idirghabhála i gCuid 4.1.4.

### 4.1.2 Treoirlínte Éigeandála (I Rith an Lae)

Nuair a smaoiníonn an fhoireann go mbaineann cás éigeandála ionchasach le mac léinn, ní mór dóibh beart láithreach a dhéanamh ar son na hinstitiúide. Tá roinnt treoirlínte thíos maidir le cad atá le déanamh agus na daoine le dul i dteagmháil leo. Níor cheart do bhaill foirne iarracht a dhéanamh déileáil leis an éigeandáil astu féin. Mura bhfuil ball foirne cinnte maidir le cad atá le déanamh, ba cheart dó/di dul i gcomhairle le ball de Chomhairleoireacht Choláiste na Tríonóide:

> Seirbhís Comhairleoireachta do Mhic Léinn,
> Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Teileafón:
> +353 1 896 1407
> Ríomhphost: student-counselling@tcd.ie

Ba cheart don fhoireann:

i. An mac léinn a aimsiú agus labhairt leis/léi iad féin nó socrú a dhéanamh go ndéanfaidh ball eile na foirne sin, e.g. teagascóir[11] (tá ainm theagascóir an mhic léinn ar fáil ar MAESTRO, Príomh-Theagascóir an Dr Gerry O'Connell (folíne 5124), Déan na Scoile nó Séiplíneach IOM. (Ba cheart duit a dhearbhú ina dhiaidh sin go ndearna an duine sin teagmháil leis an mac léinn).

ii. Tá freastal an mhic léinn ar chomhairleoireacht rúnda; má thugann mac léinn an fhaisnéis sin go deonach, ba cheart go gcoinneofar sé sin go huile is go hiomlán faoi rún. Má tá an mac léinn ag dul chuig gairmí cheana féin laistigh de IOM (comhairleoir, síciatraí nó Dochtúir Ginearálta):

  - Má tá - iarr cead ón mac léinn chun dul i dteagmháil leis an ngairmí sin, mínigh dó bhuarthaí agus leibhéal míshuaimhnis an mhic léinn agus

socraigh coinne phráinneach.

[11] FéachBeartas Chóras na dTeagascóirí agus Nós Imeachta Chóras na dTeagascóirí

- Mura bhfuil - iarr cead ón mac léinn chun coinne phráinneach a eagrú dó/di in Ionad Míochaine Fairview nó Fairview Medical Centre mar is fearr aithne air (01 833 9856) nó sa tSeirbhís Comhairleoireachta (01 896 1407). Tá coinní práinneacha ar fáil sa dá sheirbhís ar bhonn laethúil. Déan teagmháil le ceachtar den dá sheirbhís agus mínigh tromchúis do chuid buarthaí.

iii. Téigh in éineacht leis an mac léinn chuig an tSeirbhís Comhairleoireachta (41/2 Foirgneamh Pádraig ar an gcampas nó 7-9 Sráid Laighean Theas, Baile Átha Cliath 2) nó chuig Ionad Míochaine Fairview nó Fairview Medical Centre mar is fearr aithne air (37-39 Trá Fhionnradhairc, Baile Átha Cliath 3). (Tabhair faoi deara nach féidir fórsa fisiceach de chineál ar bith agus an mac léinn á thionlacan chuig an tSeirbhís Comhairleoireachta nó chuig an tSeirbhís Sláinte).

iv. Mura bhfuil an mac léinn sásta freastal ar an tSeirbhís Sláinte nó ar an tSeirbhís Comhairleoireachta, mínigh dó/di go séimh go bhfuil imní ort maidir lena leas, nó maidir le leas daoine eile, agus go mbeidh ort dul i gcomhairle leis an tSeirbhís Comhairleoireachta (01 896 1407) nó le hIonad Míochaine Fairview nó Fairview Medical Centre mar is fearr aithne air (01 01 833 9856), le foireann eile nó go mbeidh ort labhairt lena theaghlach/teaghlach nó le neasghaol. Tabhair an rogha don mhac léinn maidir le cé arbh fhearr leis/léi go ndéanfá teagmháil leo ar an gcéad dul síos. Ach is faoin mac léinn atá sé, áfach, chun a roghnú cé acu an nglacfaidh nó nach nglacfaidh sé/sí le hatreorú, nó chun leas a bhaint as na tacaíochtaí ar fáil. I gcúinsí eisceachtúla, d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach Beartas Smachta IOM (féach Cuid 3.4 den cháipéis seo) nó forálacha an Achta Meabhair-Shláinte, 2001 maidir le coinneálacha neamhthoiliúla a chur i bhfeidhm (féach Aguisín E).

v. Tar éis na ngníomhaíochtaí sin de do chuid:

- Téigh i dteagmháil leis an tSeirbhís chun toradh an mheasúnaithe a fháil amach.
- Déan socrú chun an mac léinn a fheiceáil arís más iomchuí.

### 4.1.3 Treoirlínte Éigeandála (Lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre)

Agus cead agat ón mac léinn, cuir ceannaire an chúrsa nó an maoirseoir ar an eolas. Níor cheart do bhaill foirne déileáil le héigeandáil ar bith astu féin. Ba cheart duit teagmháil a dhéanamh le ball foirne eile a d'fhéadfadh a bheith in ann tacú leat.

Má tá an mac léinn trí chéile ach mura bhfuil buarthaí faoi shábháilteacht ann, déan na nithe a leanas:

- Déan teagmháil le D-Doc, Teileafón 1850 22 44 77, Luan go hAoine 6:00in - 8:00rn, Satharn/Domhnach/Saoirí Poiblí 24 hUaire
- Lasmuigh de na huaireanta sin, nó má thugann an D-Doc an chomhairle, téigh go díreach chuig an Rannóg Timpistí agus Éigeandála (A&E), Ospidéal Beaumont 01-8093000. Má tá tusa agus

an ball foirne eile sásta é a dhéanamh, is féidir leis an mbeirt agaibh dul in éineacht leis an mac léinn - ní mholtar go dtéann tú i d'aonar.

- Mar mhalairt air sin, iarr ar an lucht Slándála chun otharcharr a iarraidh;
- Socraigh leis an mac léinn más mian leis/léi go ndéanfaidh tú teagmháil lena theaghlach/teaghlach nó le neasghaol;
- Cuir Teagascóir[12], maoirseoir, nó Ceannaire Cúrsa an Mhic Léinn ar an eolas faoin gcás a luaithe is féidir leat.

Má tá an mac léinn trodach nó má mheastar go bhfuil sé/sí ag cruthú riosca dó/di féin nó do dhaoine eile:

- Iarr cúnamh trí theagmháil a dhéanamh leis an bhFoireann Slándála (folíne 7700). Déanfaidh siadsan teagmháil leis na seirbhísí éigeandála (otharcharr nó an Garda Síochána nó an dá dream araon) chun aistriú an mhic léinn chuig áit shábháilte a eagrú.
- Mura bhfuil an mac léinn sásta dul chuig an ospidéal nó chuig áit shábháilte, iarrfaidh an lucht Slándála ar na Gardaí chun an cás a mheasúnú, ar mhaithe le sábháilteacht gach duine lena mbaineann. Tabharfaidh na Gardaí comhairle maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil sé iomchuí chun dul in éineacht leis an mac léinn;

Áirítear na háiteanna a leanas i measc na n-áiteanna úsáideacha chun cúnamh a aimsiú lasmuigh d'uaireanta an choláiste:

- Na Samáraigh (24 huaire) 1850 609090, rphost:jo@samaritans.org
- Líne Dúlagair AWARE (10rn—10in) glao áitiúil: 1890 303 302
- Seirbhísí éigeandála (briogáid dóiteáin, Gardaí, otharcharr): 999 nó 112.
- Cuimhnigh, más ar an gcampas atá tú, cuir glaoch ar uimhir na Deisce Fáiltithe/Slándála ar dtús: folíne 7700

### 4.1.4 Treoirlínte maidir le hidirghabháil agus atreorú le haghaidh buarthaí nach bhfuil práinneach

Mura bhfuil tú cinnte cad ba cheart duit a dhéanamh ba cheart duit dul i gcomhairle le Dochtúir Ginearálta an mhic léinn féin, le ball na Seirbhíse Comhairleoireachta do Mhic Léinn (01 8961407) nó le hIonad Míochaine Fairview (01) 833 9856). Sa chás sin, is féidir leat comhairle a fháil gan ainm an mhic léinn a

[12] Féach Beartas an Chóras na d Teagascóirí agus Nós Imeachta Chóras na dTeagascóirí

nochtadh.

Seo a leanas na céimeanna lena nglacfaí de ghnáth:

- Déan socrú chun labhairt leis an mac léinn nó go ndéanfaidh ball foirne eile ar a bhfuil aithne ag an mac léinn (amhail an Teagascóir[12] dá chuid/cuid) é sin.
- Mínigh do chuid buarthaí don mhac léinn.

[13] Féach Beartas an Chóras na d Teagascóirí agus Nós Imeachta Chóras na dTeagascóirí

- Má aontaíonn sé/sí le do bhuarthaí, déan seiceáil má tá an mac léinn ag freastal ar fhoinse ghairmiúil cúnaimh laistigh nó lasmuigh de IOM.
- Má tá sé/sí ag freastal ar ghairmí, iarr cead ón mac léinn chun dul i gcomhairle leis an duine sin.
- Mura bhfuil sé/sí ag freastal ar ghairmí, iarr cead uaidh nó uaithi chun coinne a eagrú dó nó di leis an tSeirbhís Comhairleoireachta do Mhic Léinn (01 8961407) nó le hIonad Míochaine Fairview nó Fairview Medical Centre mar is fearr aithne air (01) 833 9856). Déan teagmháil le ceachtar den dá sheirbhís agus mínigh do bhuarthaí agus eagraigh coinne don mhac léinn.
- Más iomchuí, tabhair bileoga eolais don mhac léinn maidir le tacaíocht IOM agus cúnamh lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre.
- Socraigh coinne athleanúna leis an mac léinn chun na línte cumarsáide a choinneáil ar oscailt.

4.2 Treoirlínte do Mhic Léinn

4.2.1 Ba cheart do mhic léinn a bhfuil imní orthu faoi fholláine carad labhairt le ball foirne IOM amhail a dteagascóir nó a maoirseoir féin, le Teagascóir[13] a gcarad, le léachtóir nó le ceann roinne nó le déan, le ball foirne ar bith in Oifig an Chláraitheora (01 853 5133), le Comhairleoirí (01 8961407), nó le dochtúirí ag Ionad Míochaine Fairview nó Fairview Medical Centre mar is fearr aithne air (01) 833 9856. Is féidir le mic léinn roghnú freisin chun teagmháil a dhéanamh le hAontas Mac Léinn IOM, leis an Oifigeach Leasa de ghnáth, a chuideoidh leo teagmháil a dhéanamh leis na seirbhísí tacaíochta iomchuí.

4.2.2 Soláthraíonn an tSeirbhís Comhairleoireachta coinní éigeandála gach lá i rith na seachtaine agus is féidir iad a chur in áirithint trí ghlaoch a chur ar 01 8961407 nó trí ríomhphost a sheoladh chuig student-counsellling@tcd.ie. Tá sé tábhachtach go gcomhroinneann agus go bpléann mic léinn na hábhair imní agus buarthaí dá gcuid le ball foirne (féach thuas) agus go bhfaigheann siad comhairle ghairmiúil iomchuí - ní mholtar go nglacann mic léinn le barraíocht freagrachta as déileáil lena leithéid de bhuarthaí ina n-aonar. Trí idirghabháil a dhéanamh leis na seirbhísí gairmiúla iomchuí cuirfear ar

[13] Féach Beartas Chóras na dTeagascóirí agus Nós Imeachta na Chóras na Teagascóirí

chumas an mhic léinn faoina bhfuil siad buartha na tacaíochtaí riachtanacha a fháil.

[14] Féach Beartas Chóras na dTeagascóirí agus Nós Imeachta na Chóras na Teagascóirí

4.3 Rúndacht

Is é cuspóir na coda seo mic léinn agus baill foirne a chur ar an eolas maidir leis na prionsabail lena dtreoraítear sreabhadh na faisnéise faoi mheabhairshláinte mic léinn. Pléitear le rúndacht faoi na fo-cheannteidil a leanas:

- Prionsabail ghinearálta maidir le rúndacht
- Cóid eitice ghairmiúla (Dochtúirí, Comhairleoirí, Séiplínigh, Oifigigh Mhíchumais, Teiripeoirí Saothair)
- Bunphrionsabail maidir le faisnéis a chomhroinnt
- Nuair nach dtugtar cead
- Comhdháil cháis
- Conas freagairt d'iarratais ghinearálta ó thríú páirtithe ar fhaisnéis i.e. tuismitheoirí agus comhlachtaí seachtracha
- An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014.

4.3.1 Prionsabail ghinearálta maidir le rúndacht.

Seo a leanas na prionsabail thábhachtacha:

- Tá IOM tiomanta do mheas a bheith aici ar cheart gach mic léinn ar rúndacht agus caithfear le faisnéis uile a nochtann mic léinn maidir le meabhairshláinte duine mar fhaisnéis rúnda. Ní dhéanfar faisnéis rúnda a nochtadh ach le cead an duine lena mbaineann. Ní dhéanfar í a rochtain nó ní chuirfear í ar fáil do dhaoine eile ach ar bhonn riachtanas eolais le haghaidh seirbhísí, nó rochtain orthu, a chur ar fáil le cead an mhic léinn.
- Tá an prionsabal nach gcuirfear faisnéis rúnda ar aghaidh do thríú páirtithe gan cead sainráite an mhic léinn lena mbaineann infheidhme mura bhfuil

a. imní thromchúiseach ann go bhféadfadh bagairt a bheith ann do shábháilteacht bheatha an mhic léinn nó daoine eile nó

b. mura mbaineann sí le himscrúdú coire nó mura bhfuil sí riachtanach ar shlí eile trí oibriú an dlí

- Leis an bhfaisnéis atá i seilbh IOM comhlíontar riachtanais an Achta um Chosaint Sonraí, 2008 agus an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014 agus beartais ábhartha IOM[14].

D'fhonn cloí leis na prionsabail thuas, ní mór do bhaill foirne IOM gach réamhchúram riachtanach a ghlacadh chun cosaint agus cruinneas na dtaifead uile a chinntiú ina bhfuil faisnéis phearsanta maidir le mic léinn[15].

Nuair a dhéantar faisnéis a thaifeadadh nó a chomhroinnt, ní foláir nó go bhfuil an téarmaíocht a úsáidtear measúil i dtaca leis an mac léinn agus go bhfuil sí dírithe ar a riachtanais seachas ar lipéadú.

### 4.3.2 Cóid Eitice Ghairmiúla

Sa bhreis ar phrionsabail ghinearálta IOM thuas maidir le rúndacht, ní mór do bhaill foirne na seirbhísí do mhic léinn (agus dochtúirí, comhairleoirí, séiplínigh agus oifigigh mhíchumais san áireamh) cloí lena gcóid eitice ghairmiúla faoi seach. Tá na cóid sin ar fáil ar láithreáin gréasáin na seirbhísí mar a leanas:

- Seirbhís Míchumais Choláiste na Tríonóide
- Ionad Míochaine Fairview nó Fairview Medical Centre mar is fearr aithne air
- Comhairleoireacht Choláiste na Tríonóide do Mhic Léinn

### 4.3.3 Bunphrionsabail maidir le faisnéis a chomhroinnt

Ní dhéantar faisnéis a chomhroinnt le seirbhísí eile nó le tríú páirtithe ach le cead an mhic léinn (féach na heisceachtaí thuas) agus chun críche sainithe, amhail tacaíochtaí agus seirbhísí breise a rochtain don mhac léinn. Déantar faisnéis a chomhroinnt ar bhonn riachtanas eolais; athróidh leibhéal agus nádúr na faisnéise a chomhroinntear de réir na ndaoine óna bhfuil sí ag teastáil agus an chuspóra lena mbaineann.

Agus cead á lorg ón mac léinn chun faisnéis a chomhroinnt, tá sé tábhachtach go dtugann an fhoireann soiléiriú ar an gcuspóir, agus ar na daoine a dtabharfar faisnéis áirithe dóibh, ionas gur féidir le mic léinn a gcead a thabhairt agus iad ar an eolas.

### 4.3.4 Nuair nach dTugtar Cead

Tá an ceart ag mic léinn a gcead a dhiúltú agus ba cheart meas a thabhairt ar chinneadh mar sin. Ina leithéid de chásanna, ní mór mic léinn a chur ar an eolas

faoi impleachtaí a rogha

[14]Féach Beartas Príobháideachais IOM
[15]Féach an Beartas Bainistíochta Taifead agusSceideal Coinneála Taifead IOM

i dtéarmaí tacaíochtaí a rochtain. Is féidir le mic léinn a gcinneadh a athbhreithniú ag céim ar bith le linn a seala ag IOM.

A luaithe agus a bhíonn duine níos sine ná sé bliana déag d'aois, is féidir leis/léi cead éifeachtach a thabhairt maidir le cóir leighis máinliachta, míochaine nó fiaclóireachta agus níl sé riachtanach cead ar bith a aimsiú ó thuismitheoir nó ó chaomhnóir an duine.

In imthosca atá thar a bheith eisceachtúil (riosca do bheatha duine nó imscrúduithe coiriúla), is féidir faisnéis a thabhairt do thríú páirtithe iomchuí gan cead a fháil ón mac léinn. Ina leithéid d'imthosca, ba cheart do bhaill foirne dul i gcomhairle le hOifig an Chláraitheora (folíne 5133), le hIonad Míochaine Fairview (01) 833 9856, leis an tSeirbhís Comhairleoireachta (018961407), lena mbainisteoir líne nó lena gCeann Roinne. Nuair is féidir, ba cheart don fhoireann na gníomhaíochtaí atá ar intinn acu a chur in iúl don mhac léinn; ach ba cheart tús áite a thabhairt do chosaint shábháilteacht an mhic léinn nó daoine eile, áfach.

#### 4.3.5 Comhdháil Cháis

Nuair atá buarthaí ann faoi shábháilteacht mic léinn nó daoine eile, féadtar Comhdháil Cháis a ghlaoch don fhoireann uile lena mbaineann (i.e. Príomh-Theagascóir/Déan ábhartha/Leas-Chláraitheoir/Dochtúir Ginearálta/Ceann na Comhairleoireachta agus Míchumais, foireann acadúil ábhartha, Teagascóir[16], agus le daoine ábhartha eile) chun an bealach is iomchuí a shainaithint chun cuidiú le gach duine lena mbaineann agus a sábháilteacht a chinntiú. Nuair is féidir, ba cheart an méid sin a dhéanamh agus an mac léinn ar an eolas faoi.

#### 4.3.6 Conas Freagairt d'Iarratais ó Thríú Páirtithe ar Fhaisnéis

Ní dhéanfaidh IOM aon fhaisnéis a nochtadh do thríú páirtithe (agus tuismitheoirí san áireamh) gan cead sainráite ón mac léinn chun sin a dhéanamh nó mura bhfuil imní thromchúiseach ann go bhféadfadh bagairt a bheith ann do shábháilteacht nó do bheatha an mhic léinn nó daoine eile, nó mura mbaineann sí le himscrúdú coire nó mura bhfuil sí riachtanach trí oibriú an dlí. Ar ócáidí, d'fhéadfadh baill foirne glaonna a fháil ó thuismitheoirí, ó chairde nó ó thiarnaí talún atá buartha agus a bhfuil imní orthu. Cé go bhfuil sé go hiomlán iomchuí chun éisteacht lena mbuarthaí agus chun gníomhú ina leith má tá saincheist riosca ann, de ghnáth níl sé

iomchuí chun aon fhaisnéis a nochtadh. Mura bhfuil baill foirne cinnte cad ba cheart dóibh a dhéanamh, ba cheart dóibh dul i gcomhairle le

[16] FéachBeartas an Chóras na dTeagascóirí agus Nós Imeachta an Chóras na dTeagascóirí

hOifig an Chláraitheora (folíne 5133), le hIonad Míochaine Fairview (01 833 9856) 018961407, leis an tSeirbhís Comhairleoireachta do Mhic Léinn (018961407), lena mbainisteoir líne nó lena gCeann Roinne.

### 4.3.7 Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise

Tá IOM faoi réir théarmaí an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014, lena ndéantar foráil don mhéid a leanas:

a. Ceart do gach duine chun taifid a rochtain atá i seilbh comhlachtaí poiblí;
b. Ceart do gach duine go ndéanfar faisnéis oifigiúil a bhaineann leis/léi a leasú nuair atá sí neamhiomlán, mícheart nó míthreorach;
c. Ceart ar chúiseanna le cinntí a fháil a théann i gcion orthu arna ndéanamh ag comhlacht poiblí.


Tá roinnt díolúintí ann freisin ón gceart ar fhaisnéis a rochtain, amhail na díolúintí is infheidhme maidir le faisnéis phearsanta daoine eile.

Is é an tOifigeach um Shaoráil Faisnéise a dhéanann cinntí maidir le cearta an duine faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014 , an cinnteoir ainmnithe in IOM, agus an fhoráil ann go ndéanfaidh foireann níos sinsearaí IOM iad a athbhreithniú.

I dtaca le taifead de nádúr míochaine nó síciatrach a bhaineann leis an iarrthóir, tá cead ag an Oifigeach um Shaoráil Faisnéise rochtain a dhiúltú nuair is féidir go ndéanfar dochar do shláinte fhisiceach nó do mheabhairshláinte, d’fholláine nó do riocht mothúchánach an iarrthóra trí nochtadh ach ina leithéid de chás ní mór comhairle a thabhairt don iarrthóir go dtairgfear rochtain do ghairmí sláinte ábhartha arna shonrú ag an iarrthóir, más mian leis/léi. Tá an ceart ag mic léinn rochtain ar a dtaifid chomhairleoireachta a iarraidh.

Ba cheart a thabhairt faoi deara nach í IOM an t-eadránaí deiridh maidir le rochtain ar fhaisnéis agus tá ceart achomhairc ag iarrthóirí chuig an gCoimisinéir Faisnéise nó chuig na Cúirteanna.

# 5 LÉARÁID 1: Conas Freagairt a Dhéanamh do Mhac Léinn ag a bhfuil Deacrachtaí Meabhairshláinte



# 6 Cáipéisí Gaolmhara

6.1 An Beartas um Dhínit agus Meas

6.2 An Beartas Smachta

6.3 An Beartas um Oiriúnacht chun Staidéar a Dhéanamh

6.4 An Beartas um Iontráil, Rochtain agus Aistriú

6.5 Measúnú Acadúil agus Dul Chun Cinn Acadúil

6.6 Beartas Chóras na dTeagascóirí

6.7 Nós Imeachta Chóras na dTeagascóirí

6.8 Cód Cleachtais do Mhic Léinn atá Faoi Mhíchumas

6.9 Toiliú chun Faisnéis faoi Mhíchumas a Nochtadh agus a Chomhroinnt

6.10 An Nós Imeachta um Monatóireacht ar Thinreamh

6.11 Beartas Comhionannais IOM

An Beartas um Bainistíocht Taifead

6.13 Sceideal Coinneála Taifead IOM

## Aguisín 1: Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn

*Seirbhís Comhairleoireachta do Mhic Léinn, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath,*

3ú hUrlár, 7-9 Sráid Laighean

Theas, Coláiste na Tríonóide, Baile

Átha Cliath 2

Teileafón: +353 1 896 1407

Ríomhphost: student-counselling@tcd.ie

*Líne Chabhrach Rúnda do Mhic Léinn - Líne Oíche*

Déardaoin go Domhnach, 9.00in - 2:30rn le linn an téarma

amháin Saorghlao 1800 793 793

*Líne Chabhrach Náisiúnta na Samárach*

1850 60 90 90

116123 freisin

*Brainse Bhaile Átha Cliath na Samárach*

Teil.: (01)872 7700

*Líne Dúlagair AWARE*

Glao áitiúil: 1890 303 302 (10rn-10in)

*Seirbhísí Éigeandála*

Teileafón (Briogáid Dóiteáin, Gardaí, Otharcharr): 999 nó 112

Cuimhnigh, más ar an gcampas atá tú, cuir glaoch ar uimhir na Deisce Fáiltithe/Slándála ar dtús: folíne 7700

*D-Doc*

Teileafón 1850 22 44 77, Luan go hAoine 6:00in - 8:00rn,

Satharn/Domhnach/Saoirí Poiblí 24 Uair

*Ospidéal Beaumont,*

Bóthar Beaumont, Baile

Átha Cliath 9, Teil:

01-8093000

www.beaumount.ie

*Ionad Míochaine Fairview*

37 - 39 Trá Fhionnradhairc, Baile Átha Cliath 3

(01) 833 9856

*An tSeirbhís Séiplíneachta*

An Dr Marie Whelton,

(01) 8535158

Marie.whelton@mie.ie

*Príomh-Theagascóir*

An Dr Gerry O'Connell

(01) 8535124

Ríomhphost gerry.oconnell@mie.ie

*Oifigeach Leasa Aontas na Mac Léinn*

Ríomhphost sucontact@mie.ie